Eagrán : Feabhra 2022

Gaelscoil Thaobh na Coille

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Lá le Vailintín Shona

14/02/2022






## Scagairí Aeir HEPA : HEPA Filters

Le hairgead a thiomsaigh an scoil agus deontas beag ón Roinn Oideachais bhíomar in ann scagairí aeir HEPA a cheannach do na seomraí ranga go léir sa scoil. Tá súil againn go gcuideoidh an beart breise seo le laghdú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le Covid-19 agus víris aerbheirthe eile sa scoil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí a d'fhreagair m'iarratas ar chabhair agus comhairle ar scagairí Hepa roimh an Nollaig. Ba mhór againn bhúr gcomhairle agus bhúr moltaí. Nuair a bhí na scagairí aeir curtha isteach sna seomraí ranga againn bhain na páistí an-spórt go deo as a bheith ag imirt leis na boscaí folamh amuigh ar an gclós ag am sosa!

*With money raised from school fundraising and a small grant from the Department of Education we were able to purchase HEPA air filters for all the classrooms in the school. We hope that this additional measure will help reduce the risk of exposure to Covid-19 and other airborne viruses in the school. I would like to thank the parents who answered my request for help and advice on Hepa filters prior to Christmas. Your advice was much appreciated. Once the Hepa filters were installed in the classrooms the children had great fun playing with the empty boxes out on the yard during break times!*







*Cailíní N1C*

## Scéalta Beaga Ranga

### R6B

Bhí R6B gafa le cúrsaí aimsire i rith na seachtaine. D'fhéachamar ar an Aimsir Láithreach ar TG4 agus ansin scríobhamar ár réamhaisnéis aimsire féin ag baint úsáid as nathanna nua. Tá súil againn go mbeidh an ghrian ag taitneamh Déardaoin seo chugainn don Cóineartú! Sa rang ealaíne rinneamar ealaín bunaithe ar shúile ainmhithe le 'pastels' ola agus bhí toradh an-sásúil ar na pictiúir.




### R6A

Léigh Rang a 6 an dán 'Taking my Pen for a Walk' le Julie O'Callaghan. D'fhoghlaíomar faoi personification. Scríobhaíonar ár ndánta féin agus bhí an-spraoi againn. Rinneamar ealaín gar-amhairc an tseachtain seo chaite. Tharraingíomar súil ainmhithe. Rinneamar turgnamh eolaíochta chun fáil amach faoin tionchar atá ag cailciam ar do chnámha. D'fhoghlaíomar go bhfuil géar ghá uainn le calciam le go mbeidh cnámha láidire againn.

### CÓINEARTÚ - Confirmation

Beidh an searmanas an Chóineartaithe á cheiliúradh ag daltaí R6 ar an Déardaoin seo an 17 Feabhra, Guímid gach ádh orthu don lá mór.

*Our sixth class pupils will be making their Confirmation on Thursday next the 17th of February. We wish them all the best for their big day.*




Roghnaigh mé an ainm Murtagh mar go bhfuil an-mheas agam ar Naomh Murtagh. Chaith sé a shaol ar nós Íosa agus tugann sé inspioráid dom an rud céanna a dhéanamh. Murtagh atá mar shloinne ar mo mhamó freisin. Is ainm Gaelach é Murtagh a thagann ón ainm 'Muircheartaigh' a chiallaíonn 'cosaint ón bhfarraige'. Skye Newsome

## Class News

### R6B

*R6B have been studying the weather this week. We watched the weather forecast on TG4 and then wrote our own forecasts using suitable phrases. Let's hope the sun shines next Thursday for our Confirmation! In Art we created 'animal eyes' using oil pastels and they turned out very well. Everyone was pleased with the end result.*

An Múinteoir Máire Mhic Gabhann




### R6A

*6th Class read the poem 'Taking my Pen for a Walk' by Julie O'Callaghan. We learned about personification. We wrote our own poems and had a lot of fun doing that. We did close-up art work last week. We drew animal eyes. We carried out a science experiment to find out how calcium affects your bones. We have learned that we need calcium in order to have strong bones.*

Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin





*Obair Ealaíne R1A*

## R1A

Tá Rang 1A an-tugtha le tógáil le Lego agus bricí ach rinne siad tógáil le pónairí milis le déanaí agus bhí siad ar bís ag an deireadh mar go raibh cead acu na pónairí a ithe!

*R1A are very fond of building with Lego and building blocks. They recently used jelly beans and cocktail sticks as their building materials, which was very exciting as they were allowed to eat the beans once they had finished!*

An Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh



## R1B

Tá R1B ag baint taitneamh as na staisúin Gaeilge agus Béarla chun scileanna liteartachta a fheabhsú. Caitheann siad roinnt am ag léamh sa leabharlann, ag imirt cluichí boird, ag cleachtadh scríbhneoireacht agus litriú ar na gclár bán, chomh mhaith le spraoi ar na ipadanna.

*R1B are enjoying station teaching to help develop our literacy skills. The children enjoy spending time in the library , playing board games, practicing their writing using the whiteboards, whilst having some fun on the ipads too.*

*An Múinteoir Aoife Ní Bheacháin*







**Briseadh Meán Téarma**

Midterm Break

**Scoil Dúnta School Closed**

Luan go Aoine

**21 - 25 Feabhra**

## R5B

Chuir Rang 5B a gcroíthe isteach san ealaín seo do Lá Fhéile Vailintín! Guíonn siad Lá le Vailintín Shona ar gach duine.

*R5B put a great effort into their Valentines' Day artwork. They wish everyone love, peace and happiness for Valentines' Day*

*An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha*



## R5A

Tá R5A an-tugtha don ealaín faoi láthair agus muid ag díriú ar líníocht. Tá said ag dul i dtaithí ar na teicnicí éagsúla agus an-chuma ar an obair.

Tá an rang ag díriú ar thíortha na hEorpa faoi láthair freisin agus tionscnaimh aonair ar siúl acu. Tá go leor foghlama i gceist anseo, agus obair iontach ar siúl acu.


*R5A are focusing on drawing in art class at the moment. They are getting used to the different techniques and as you can see below their art work is very accomplished.*

*An Múinteoir Mac Uileagóid*

## Lá Féile Vailintín Shona Dhaoibh go Léir!



*Seo sampla den chaighdeán ard ó Emma Nic Aonghusa. Tá sí ag féachaint orainn!*









## N2A

Bhí páistí N2A ag obair in oifig an tréidlia. D'fhreastal siad ar an tréidlia lena bpeataí chomh maith!

*The children in N2A were working in the vet's office. They also attended appointments with their pets!*

*An Múinteoir Ciara Ní Bháille*



N2A Ag an Tréidlia - At the Vet's

N2B Ag an Tréidlia - At the Vet's



## N2B

Bhí N2B an-ghnóthach lena dtéama nua Aistear 'an tréidlia'. Bhaineamar an-taitneamh as a bheith ag tabhairt aire d'ain-mhithe a bhí tinn agus gortaithe. Bhí tréidlianna, altraí, fáilteoirí agus úinéirí peataí iontacha againn. Bhí cuairt againn fiú ó nathair, madra agus coinín beag gortaithe! (féach pictiúr). D'úsáideamar Lego chun tithe a thógáil dár gcuid peataí freisin agus d'fhoghlaim muid go leor stór focal nua trí chluichí spraíúla cosúil le Biongó agus Cé Mise a imirt.

*N2B were very busy with their new Aistear theme 'the vets'. In the pretend play corner, we really enjoyed getting into role to help look after sick and injured animals. We had excellent vets, veterinary nurses, receptionists, pet owners and even an injured snake, dog and rabbit! (see picture). We also used Lego to build homes for our pets and we learnt a lot of new animal vocabulary by playing fun games like Bingo and Guess Who.*

*An Múinteoir Sineád Ní Chuireáin*

## R3A

Bhíomar ag ullmhú do Lá Fhéile Vailintín i Rang 3A. Bhíomar ag priontáil le péint dhubh ar chroíthe. Nach deas iad na dathanna!

*We were preparing for Valentine 's Day in R3A. We were printing with black paint on hearts. Aren't the colours lovely!*

*An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill*






## R3B


Bhí R3B gnóthach ag glanadh timpeallacht na scoile le déanaí. Bhí alán bruscair caite thart timpeall na háite. Coinnigí an timpeallacht glan le bhur dtoil! Scríobh na daltaí dánta áille i mBéarla sa rang freisin. 'The Recipe for Happiness' agus 'Happiness' na teidil a bhí ar na dánta. Is féidir na dánta ar fad a léamh ar shuíomh ghréasáin na scoile.

*R3B have been busy cleaning up the school environment recently. There was a lot of rubbish thrown around the place. Please keep the environment clean! The pupils also wrote some really lovely poems in English class. The poems were entitled 'The Recipe for Happiness' or 'Happiness'. You can check out the rest of the poems on the school website!*

*An Múinteoir Niamh Ní Dhúill*

# The Recipe for Happiness






# Na Naíonáin Bheaga SA BHIALANN

## N1A

Tá na páistí i N1A ag foghlaim faoi bia faoi láthair. Seo roinnt grianghraif dóibh ag spraoi sa bhialann.

*The children in N1A are learning all about Food at the minute. Here are some photos of the children playing in the restaurant!*

*An Múinteoir Clíona Seoighe*







## N1B


Bhain na páistí an-taitneamh as a bheith ag foghlaim faoi bhia an mhí seo agus ag súgradh inár gcúinne Aistear an bhialann

*The children really enjoyed learning about food this month and playing in our restaurant corner!*

*An Múinteoir Aoifa Ní Earcáin*





## N1C

Tá muidne ag foghlaim faoi na beacha mheala faoi láthair; conas a thógann siad cíor mheala, conas a bhaillíonn siad neachtar agus pailín ó bhláthanna agus an bealach speisialta a labhraíonn siad lena chéile.

*We are currently learning about the honey bees; how they build a honey comb, how they collect nectar and pollen from flowers and the special way they talk to each other.*


*An Múinteoir Deirdre Uí Dhónaill*







## Pictiúir Siméadtrach



### R2A & R2B

Bhí R2A & R2B ag foghlaim faoi shiméadracht sa mhata. Rinneamar an-obair ag aithint rudaí atá siméadrach timpeall orainn agus rinneamar sár-iarracht lenar gcuid ealaíne ar an ábhar. Féach ar na pictiúir áille atá déanta againn! Bhí sé deacair- ach thaitin sé go mór linn!!

*R2A & R2B learnt all about symmetry in maths. We did a great job identifying things that are symmetrical around us and we put a lot of effort into our art on the subject. Take a look at the beautiful pictures we have made! It was hard- but we really enjoyed it all the same!!*

*An Múinteoir Sinéad Nutley & An Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh*



# Scéalta Beaga Ranga ag teacht chun deiridh

## R4A

Tá Rang a 4A ag díríu ar na húrscéalta faoi láthair - An Teist, le Paula Ní Chionnaith, agus Kensuke's Kingdom, le Michael Morpurgo atá á léamh againn le chéile sa rang. Tá críoch á chur ag an rang le tionscadail ar ainmhithe chomh maith.

*The pupils in Rang a 4A are currently reading the novels - An Teist, by Paula Ní Chionnaith, and Kensuke's Kingdom, by Michael Morpurgo together in class. The pupils is also finishing their projects on animals.*

*An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh*



*R4A i mbun obair tionscnaimhe*

## R4B

Tá rang a 4B ag díriú go mór ar an an stair agus an tíreolas le déanaí. D'fhoghlaimíomar faoi Oileáin na hÉireann agus bhailigh gach dalta eolas ar oileán tofa acu féin. Ba mhór an chéim shamhailteach do na pásití smaoineamh ar conas mar a bheadh an saol acu dá mbeidís ina gcónaí ar oileán iargúlta amach ó chósta na hÉireann. Bhí mórshuim ag a lán de na daltaí in 'oileán Luke Skywalker ' - Sceilg Mhíchíl – amach ó chósta Chiarraí . D'fhoghlaimíomar go raibh mainistir ar an oileán ón 6ú-12ú aois agus d'fhéachamar ar phictiúr agus ar fhíseáin de na fothracha le hiontas. Fuaireamar amach gur Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO é Seilig Mhichíl anois. Rinneamar saothair ealaíne bunaithe ar an oileán agus d'fhoghlaimíomar faoi na héin áille a mhaireann ann ar feadh tréimhsí den bhliain. A thuismitheoirí – seans go mbeidh turas go Sceilg Mhichíl nó oileán éigean eile ar liosta mianta na bpáistí don samhradh seo chugainn 2022!!

*Class 4B is focusing history and geography recently. We learned about the Islands of Ireland and each student gathered information on their chosen island. The children got to imagine what life would be like for them if they lived on a remote island off the coast of Ireland. Many of the students were fascinated by the 'Luke Skywalker island' - Skellig Michael - off the coast of Kerry. We learned that there was a monastery on the island from the 6th-12th centuries and looked in awe at a picture and video of the ruin. We have discovered that Skellig Michael is now a UNESCO World Heritage Site. We made artwork based on the island and learned about the beautiful birds that live there at certain times of the year. Parents - a trip to Skellig Michael or some other island may be on the children's wish list for next summer 2022!!*

*An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh*



